Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Nollaig 2022
(OR. en)

15157/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0293(COD)**

CODEC 1825
TELECOM 489
DIGIT 222
CYBER 384
COMPET 943
RECH 625
PI 165
MI 863
EDUC 404
JAI 1536
ENFOPOL 588
COSI 304

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-CHINNEADH Ó PHARLAIMINT na hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear Clár Beartais na Deacáide Digití 2030 **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 15 Meán Fómhair 2021, chuir an Coimisiún an togra[1], atá bunaithe ar Airteagal 173(3) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 19 Eanáir 2022[2].

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus chinn sé gan tuairim a eisiúint.

[1] 11900/21 + ADD 1 + ADD 2.
[2] IO L 194, 12.5.2022, lch. 87.

4. An 24 Samhain 2022, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[3].

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis an méid sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 50/22 é, a fhormheas mar mhír ‘A’ ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

6. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[3] 14976/22.